

A3

Ailtireachta Limistéir Chaomhnúcháin



Limistéir Chaomhnúcháin Ailtireachta

DIMÉIN ARD BREACÁIN ACA



Forbairt Stairiúil

Is suíomh a bhfuil tábhacht stairiúil ar leith ag baint leis é Teach agus Diméin Ard Breacáin mar gurb ann a bhí Easpaig na Mí ón gceathrú haois i leith. Tá an teach suite ar thalamh inní aibí le gairdíní foirmiúla agus múrtha.

Thosaigh tógáil an tí c.1734 bunaithe ar dhearadh Richard Castle agus cuireadh é i gcrích sna 1770í bunaithe ar dhearadh James Wyatt, Thomas Cooley agus an tOirimh Daniel Beaufort.

Foirm Thógtha

Tá dearadh ailtireachta den chéad scoth ar na tithe cónaithe agus na cróite atá suite ar thailte Theach Ard Breacáin. Áiríonn siad seo muclaigh, gráinsigh, cholmlanna, clogtheach, seideanna buallán, clóis d'éanlaithe, clós neachtlainne, clós caidéil, stáblaí le díon bogtach, agus túr cloig.

I measc struchtúir na ndiméinte tá lóistí geata, geataí agus ballaí iontrála, linn eascann ha-ha, teach oighir, finiúnlanna, fochlach agus caidéil uisce.

An teach leathscoite dhá stór ceithre chlós, b'fhéidir teach an bhainisteora feirme, a tógadh c.1820, aolchloch i gcúrsa randamach le reindreáil gharbh agus cúinní ardaithe reindreáilte. An díol spéise a bhaineann leis an bhfoirgneamh seo ná a ghaol leis na teachíní aon stóir atá díreach ó thuaidh uaidh.

Laistigh den diméin tá struchtúir eile - Eaglais agus reilig N. Ultain, Scoil Naíonán, dar dáta 1856, agus tobar naofa.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar na diméine, a ghnéithe tírdhreacha agus a ghnéithe tógtha ach teorannú a dhéanamh ar fhairsinge na forbartha nua laistigh den diméin agus ag éileamh go n-urramódh aon fhorbairt socrú cáilíochtaí agus cáilíochtaí speisialta na diméine.
2. A éileamh go gcosnódh na hoibreacha uile, bídís ina n-oibreacha deisiúcháin, breisiúcháin nó mionathrúcháin ar fhoirgnimh reatha, carachtar na bhfoirgneamh agus na ngnéithe sin ach úsáid a bhaint as na hábhair agus an tsaoirseacht iomchuí.

LÁR AN BHAILE - ÁTH BUÍ, ACA



Forbairt Stairiúil

Tá stair lonnaithe ag Áth Buí a théann siar sa stair, agus é suite ar thalamh shaibhir thalmhaíochta. Bhí Mainéar Normannach in Áth Buí agus ina dhiaidh sin bhí sé i measc ceithre cinn de bhailte mórtha sa Mhí rud atá léirithe in aimniúcháin an bhaile sa Taifead Suíomhanna agus Séadhomharthaí. Luaitear Áth Buí i roinnt cairteacha meánaoiseacha, an ceann is suntasaí ná Cairt Anraí II a lig áitritheoirí uile an bhaile saor ó cháin agus ó dhollaí agus cairt ón mbliain 1407 a chumasaigh an buirgíseach dollaí a thoibhiú ar gach ceannaí eachtrach a tháinig isteach sa bhaile. Tháinig Áth Buí chun cinn mar ionad aonaigh, ról a bhí aige go dtí C19. Bhí Áth Buí ina ionad suntasach tráchtála le dobharcheantar mór agus roinnt mhaith le tairiscint ó thoabh an mhiondiola de, maille le feidhm bheoga shóisialta.

Leagan Amach

Tá leagan amach chroílár stairiúil Átha Buí tar éis teacht chun cinn leis na céadta bliain anuas, agus ar na príomhnithe a raibh tionchar acu air seo bhí ballaí an bhaile mheánaoisigh agus socrú cheapach talún na buirge gaolmhaire. Bhí sé seo mar mhórchúis leis an ngné theann uirbeach a bhaineann leis an mbaile, fiú amháin go dtí an lá atá inniu ann. Bhí áit cheannasach ag an abhainn agus ag na muillte arbhair agus plúir, atá anois ina muillte adhmaid ar theorainn thoir bhallaí an bhaile.

Is tailte príobháideacha d'fhormhór iad na spásanna oscailte laistigh den ACA taobh thair de na foirgnimh a bhfuil a n-éadain ar an tsráid agus tá siad mór. Is féidir rochtain a fháil orthu, d'fhormhór, ó thaobhgheataí ó na príomhshráideanna.

Cuimsíonn an spás oscailte poiblí, laistigh den ACA, go príomha Ealgais Naomh Eoin agus spás páirceála atá nasctha leis.

Níor athraigh pátrún sráide Átha Buí mórán le caitheamh ama.

Foirm Thógtha


Cuireann an leithead traidisiúnta ceapaí agus an rochtain taobhgheata atá ann go príomha ag cúl na bhfoirgneamh ar an bpríomhshráid foirm thógtha ar fáil ar sainghné é den phátrún traidisiúnta forbartha.

Is stíl ilchineálach é stíl ailtireachta na bhfoirgneamh in Átha Buí agus baineann an stíl le ré tógála agus ní le haon stíl ailtireachta sheanbhunaithe, idir thúr cloig ón 15ú haois agus shéipéil ón 18ú agus an 19ú haois agus fhoirngimh a tógadh níos deanaí. An fhoirm thógtha atá ar Shráid Chonnacht ná foirngimh chónaithe níos dúchasaí.

Ábhair

Ar shainghéithe na bhfoirgneamh in ACA Átha Buí tá raon leathan d'ábhair thraidisiúnta le roinnt éadan siopaí agus foirgneamh foirmiúil amhail Teach an Aonaigh mar a bhí, Halla an Bhaile agus Banc Uladh.

Fíor 1 Taifead Suíomhanna agus Séadchomharthaí le haghaidh Átha Buí



Fíor 2 Áth Buí sa bhliain 1837



Cuspóirí:

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an bhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus dearadh na n-ábhar a úsáidfí in aon fhorbairt bheartaithe laistigh de chroílár an bhaile thadhlaigh ag teacht lena charachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. Spreagadh a dhéanamh ar dhaoine gnéithe atá ag gobadh amach go feiceálach a bhaint amhail cáblaí lasnairde nó comharthaíocht mhíchuí.
3. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

LÁR AN BHAILE - DÚN BÚINNE, ACA**Forbairt Stairiúil agus Leagan Amach**

Tá Dún Búinne ar cheann de na sráidbhailte eastáit a d'fhorbair le caitheamh ama, ón 18ú haois i leith. Ar na sainghnéithe is suntasaí sa sráidbhaile tá cearnóg an tsráidbhaile ag acomhal na mbóithre isteach le faiche thriantánach faoi chrainn.

Foirm Thógtha

Baineann stíl ailtireachta na bhfoirgneamh san ACA le ré na tógála, is é sin c.1860 – 1910, agus lár go déanach san 20ú haois agus ní le haon stíl sheanbhunaithe ailtireachta. Tríd is tríd, is tithe dhá stór atá ann, a osclaíonn díreach amach ar an tsráid, agus is ag cúl na dtithe atá an spás príobháideach.

Ábhair

Is as ábhair thraidisiúnta atá na foirgnimh i nDún Búinne déanta - díonta sclátaithe, plástar le sonraíocht bhríci, agus úsáideann na foirgnimh níos foirmiúla amhail an Eaglais (1956) agus an Scoil pailéad comhchosúil.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus an dearadh in aon fhorbairt bheartaithe laistigh de chroílár an tsráidbhaile thadhlaigh ag teacht leis an gcarachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. Spreagadh a dhéanamh ar dhaoine gnéithe atá ag gobadh amach go feiceálach a bhaint amhail cáblaí lasnairde nó comharthaíocht mhíchuí.
3. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

DIMÉIN CHAISLEÁN DHÚN SAMHNAÍ ACA



Forbairt Stairiúil

Tá Caisleán Dhún Samhnaí lonnaithe lasmuigh de shráidbhaile Dhún Samhnaí, Co. na Mí. Tá Dún Samhnaí ar cheann de na tithe móra is sine in Éirinn agus is dócha gurb é an ceann is sine in Éirinn é a bhaineann e haon teaghlach amháin. Thóg Hug de Lacy an caisleán timpeall 1181 agus bhain sé le teaghlach Phluincéid. Le glúnta i ndiaidh a chéile, athraíodh agus athmhúnláíodh Dún Samhnaí. Tharla roinnt de na hathruithe is suntasaí sna 1840dí faoin ailtire, James Shiel. Toisc gur mhair Dún Samhnaí le breis is 800 bliain agus toisc gur athmhúnláíodh é le caitheamh ama, cuireann sé léargas micreachosmach ar fáil maidir leis na mianta agus na faisín a bhí ag athrú i measc úinéirí na dtithe móra ón tús go dtí an lá atá inniu ann.

Foirm Thógtha

Is cuid de ghrúpa struchtúr na diméine an caisleán, na geataí agus na geataí lóiste, maille leis na stáblaí, na cróite, na teachíní eastáit, ballaí na diméine agus an droichead. Tá crosaire ar thaobh bealaigh lasmuigh den gheata Gotach.

Bhí ha-ha san áireamh sa radharc oscailte ag tosach an chaisleáin chun an faiche tosaigh a chosaint ó eallaí. Cuimsíonn an diméin gairdín múrtha, teach oighir agus fearann páirce fairsing. Tá trí mhóta ar an eastát, ceann amháin sa taobh thoir ar dócha arb é sin an áit ina raibh an dúnfort Normannach suite. Tá eaglais mhainéarach, atá ina forthrach, suite taobh leis an mhóta.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar na diméine, a ghnéithe tírdhreacha agus a ghnéithe tógtha ach teorannú a dhéanamh ar fhairsinge na forbartha nua laistigh den diméin agus ag éileamh go n-urramódh aon fhorbairt socrú cáilíochtaí agus cáilíochtaí speisialta na diméine.
2. A éileamh go gcosnódh na hoibreacha uile, bídís ina n-oibreacha deisiúcháin, breisiúcháin nó mionathrúcháin ar fhoirgnimh reatha, carachtar na bhfoirgneamh agus na ngnéithe sin ach úsáid a bhaint as na hábhair agus an tsaoirseacht iomchuí.

DIMÉIN ÁTHA CINN ACA



Forbairt Stairiúil

Sa bhliain 1660, cheannaigh Thomas Taylor ó Ringmere i Sussex 7,443 de thailte i gCeanannas, fear a tháinig go hÉirinn sa bhliain 1653, mar phríomhshuirbhéir do Shior William Petty, údar agus bunaitheoir Shuirbhé an Dúin, an chéad léarscáil bheacht den tír.

D'ullmhaigh Richard Castle na chéad phleananna le haghaidh Theach Átha Cinn sa bhliain 1750. Bhí an dearadh deireanach ina theaghlaim de bhunleagan Castle agus leasúcháin a mheastar a rinne George Semple. Tá dreach an tí mhóir sin neamhuigeach agus seanfhaiseanta ó thaobh a phlean de. An rud suntasach faoin teach ná an taobh istigh atá nuachlasaiceach a chruthaigh Robert Adam agus an suíomh ina bhfuil tírdhreach na diméine, ar an Abhainn Dhubh atá ag leathnú, le hoileáin, fearann páirce, gairdíní agus tailte fóillíochta.

Foirm Thógtha

Seo teach mór agus léiríonn a ghaol leis an mbaile atá cóngarach dó - Ceanannas, topagrafaíocht roinnt mhaith de na heastáit Shasanacha. Tá an teach ina lármhír de ghrúpa struchtúr diméine le coimpléasc stáblaí clóis, cróite, lóiste geata, tithe na n-oibrithe eastáit, másailéam, droichid agus ballaí diméine. Tá coillearnacha áille aibí ar fud na diméine, an ceann is cáiliúla ná an choillearnach de chrainn phéine agus bhuaircíneacha le breis is 250 speiceas agus cineál, curtha ag an 4ú Marquess ar na hoileáin sa chéad chuid den chéad.

Cuimsíonn na gairdíní gairdín foirmiúil ag cúl an tí, le gairdín cistine múrtha, gairdín Meiriceánach agus gairdín Foraoise. Tá gnéithe an ghairdín ag Áth Cinn móthaibhseach, mar atá an phlandáil, ó bhallaí teorann fairsinge chuig an droichead clasaiceach ar an mbóthar chuig Ceanannas a roinn an diméin in dhá chuid nuair a tógadh í.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar na diméine, a tírdhreach deartha agus a gnéithe tógtha, ach teorannú a dhéanamh ar fhairsinge na forbartha nua atá ceadaithe laistigh den diméin agus a éileamh nach mbeadh aon tionchar neamhfhabhrach ag a leithéid sin d'fhorbairt, laistigh den diméin agus sa cheantar máguaird araon, ar cháilíochtaí speisialta na diméine.
2. A éileamh go gcosnódh na hoibreacha uile, bídís ina n-oibreacha deisiúcháin, breisiúcháin nó mionathrúcháin ar fhoirgnimh reatha, carachtar na bhfoirgneamh agus na ngnéithe sin ach úsáid a bhaint as na hábhair agus an tsaoirseacht iomchuí.

SRÁIDBHAILE BHAILE IÚILIÁIN ACA



Forbairt Stairiúil

Is baile beag é Baile Iúiliáin atá suite ar bhruacha abhainn na hAiní i ngleann mórscéimhe ina bhfuil páirceanna claonta agus coillearnach.

Toisc a shuímh ar an bpríomhbhóthar ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste, tá teach ósta sa sráidbhaile ann ón gcianaimsir. Bhí an Black Horse Inn ina theach ósta cóistí poist agus é suite ag barr an chnoic áit ina bhfuil an Julianstown Inn faoi láthair. Bhí cúpla teach sa sráidbhaile go dtí gur thóg Peppers of Ballygarth Castle sé thach eastáit sa bhliain 1897.

Seachas atógáil an Julianstown Inn tar éis dóiteáin, agus athruithe ar an muilean arbhair, a tiontaíodh ina óstán sna 1960dí, d'fhan an sráidbhaile nach mór mar a bhí sé agus tá roinnt mhaith dá charachtar ón 20ú haois coinnithe aige.

Foirm Thógtha agus Ábhair

Is é atá sna teachíní eastáit ná sraith tithe pictiúrtha dhá stór le fuinneoga dormánacha, rachtaí notha agus póirsí starrtha le tíleanna dearga. Trasna an bhóthair tá íoclann, a bhíodh ina theach cúirte tráth, ar stíl chomhchosúil leis an dún constáblachta caisleánaithe, a tógadh sa bhliain 1903.

Tá an carachtar tionsclaíochta le sonrú ar an limistéar sa mhuileann, na cairéil, atá anois as úsáid, agus áth aoil. Ceann de na saintréithe a bhaineann leis an sráidbhaile ná na ballaí ísle - gné teorann - le mullaird chloiche agus slabhraí.

Cuspóirí:

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus an dearadh in aon fhorbairt bheartaithe laistigh den sráidbhaile agus sa cheantar máguaird ag teacht leis an gcarachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. Cosaint a dhéanamh ar suíomh tírdhreacha nádúrtha an tsráidbhaile.
3. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

SRÁIDBHAILE CHILL MHEAISÍN ACA



Forbairt Stairiúil

Tá Cill Mheaisín suite ar an Abhainn, craobh-abhainn de chuid na Bóinne agus i dtírdhreach le cáilíocht ardfhíseach idir an Bhóinn agus Cnoc na Teamhrach. Is sráidbhaile líneach go príomha é Cill Mheaisín, a d'fhás mórthimpeall ar iarnród na hUaimhe-Bhaile Átha Cliath (Cluain Saileach). Cé gur foirgnimh mheasartha iad formhór na bhfoirgneamh ann, is iad a thopagrafaíocht agus a shuíomh na nithe is suntasaí a chuireann lena charachtar speisialta.

Foirm Thógtha

An pointe fócasach san ACA ná an t-achomhal bóithre ag taobh ó dheas an tsráidbhaile agus saintréith a bhaineann leis sin ná Teach an Aonaigh, atá ina ghné fhíseach thábhachtach. Ar na foirgnimh eile, a chuireann go mór le carachtar an tsráidbhaile, tá iar-eaglais agus Teach an Reachtaire ar a dtailte.

Tá na ballaí cloiche agus an cúlra crann aibí ina chúlra taitneamhach don sráidbhaile agus tá beocht ag baint leis an gceantar a bhuíochas leis na caidéal uisce, na geataí iarainn oibrithe ag Eaglais na hÉireann agus ag an nGléib agus ráillí laistigh de na tailte.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus an dearadh in aon fhorbairt bheartaithe laistigh den sráidbhaile agus sa cheantar máguaird ag teacht leis an gcarachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. Cosaint a dhéanamh ar an suíomh tírdhreacha nádúrtha.
3. Spreagadh a dhéanamh ar dhaoine gnéithe atá ag gobadh amach go feiceálach a bhaint amhail cáblaí lasnairde nó comharthaíocht mhíchuí.
4. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

SRÁIDBHAILE MHAIGH DEARMHAÍ ACA



Forbairt Stairiúil

Tháinig Maigh Dearmhaí chun cinn mar bhaile margaidh tuaithe chun freastal ar an gceantar máguaird.

Foirm Thógtha agus Ábhair

Tá príomhshráid an-leathan sa sráidbhaile le Stáisiún na nGardaí mar fhráma ar chuid thiar an tsráidbhaile. Taobh thiar de sin tá faiche aonaigh mhórthaibhseach faoi chrainn. Tá faiche an bhaile suite ag acomhal Bhóthar an Phortaigh agus Bhóthar an Duga.

Tá cáilíocht láidir d'aitireacht an tsráidbhaile thuaithe ag Maigh Dearmhaí, tá foirgnimh dhá stór d'fhormhór sa sráidbhaile, le díonta gabhal éadain, plástráilte agus péinteáilte.



Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus an dearadh in aon fhorbairt bheartaithe laistigh den sráidbhaile agus sa cheantar máguaird ag teacht leis an gcarachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

SRÁIDBHAILE MHAIGH nEALTA ACA



Forbairt Stairiúil

Is sráidbhaile eastáit pictiúrtha é Maigh nEalta, a ndearna an tiarna talún feabhsúcháin John Farrel é a leagan amach agus a thógáil sna 1820dí. Thosaigh obair ar atógáil an tsráidbhaile sa bhliain 1826 agus cuireadh é i gcrích nach mór go hiomlán sa bhliain 1837.

Faigheann an sráidbhaile a shaintréithe agus a áilleacht ó na limistéir feadh bhruacha Abhainn Mhaigh nEalta.

Leagan Amach

Tá leagan amach agus foirm phlean an tsráidbhaile ina bhunchuid de charachtar an tsráidbhaile. Ag gach bealach isteach tá na bóithre cuartha agus mar sin tá cuma dúnta isteach air.

Foirm Thógtha agus Ábhair

Cuimsíonn an ailtireacht tithe eastáit dhá stór le fuinneoga dormánacha, agus díonta beannacha, fad is atá dearadh roinnt de na tithe ar an taobh ó thuaidh den phríomhshráid bunaithe ar stíleanna ailtireachta Eilvéiseacha agus tógadh iad ar thaobh ó thuaidh na sráide chun na radhairc ar Abhainn Mhaigh nEalta agus an gleann bainteach a choinneáil.

Cuireann na ballaí cloiche agus an cúlra de chrainn aibí le taitneamhacht an radhairc agus tugtar beocht don tsráid-dreach le cailéil thraidisiúnta uisce, geataí, agus clocha mílte. Tá díol suntais ar leith ag baint le bealach isteach an tsráidbhaile mar a bhfuil droichead cloiche le sé áirse ag trasnú na habhann Borora. Mhair cora cloiche lena gheataí bualchomhla, tarae agus innealra agus cuireann siad seo le stair ailtireachta agus stairiúil Mhaigh nEalta.

Cuspóirí:

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus an dearadh agus ábhair in aon fhorbairt bheartaithe laistigh den sráidbhaile agus sa cheantar máguaird ag teacht leis an gcarachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. Cosaint a dhéanamh ar shuíomh tírdhreacha agus ar na radhairc ón sráidbhaile agus ar an sráidbhaile.
3. Spreagadh a dhéanamh ar dhaoine gnéithe atá ag gobadh amach go feiceálach a bhaint amhail cáblaí lasnairde nó comharthaíocht mhíchuí.
4. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

NETTERVILLE AGUS VICTORIA TERRACE ACA



Fobairt Stairiúil

Is ardáin mhóra iad Ardáin Victoria agus Netterville atá ardfheiceálach ar chósta na hInse. Bhí mórleamh ar na hardáin le linn na naoú haoise déag, nuair a tháinig an t-iartród chuig an gcósta agus mar sin bhí sé níos inrochtana. Tá roinnt de na hardáin seo le feiceáil feadh an chósta ag Baile an Bhiataigh agus ag an Inse.

Foirm Thógtha agus Ábhair

Ardán Victoria - Ardán le sé theach dhá stór, tógtha c.1900, le báfhuinneoga claonta lánairde. Díonta claonta slinne le simléir reindreáilte agus earraí báistí iarainn oibrithe. Ballaí reindreáilte le stiallchúrsaí agus déadóga sceimhil. Oscailtí dorais le cinn cearnóige agus múnlaíl huda os a gcionn.

Ardán Netterville - Ardán de chúig theach, tógtha c.1900, ina bhfuil trí theach dhá stór, le tithe aonbhá dhá stór taobh leo ar a bhfuil díonta beannacha atá ag gobadh amach. Díontar claonta slinne le simléir reindreáilte. Ballaí garbha reindreáilte le stiallchúrsaí ag leibhéal leac na bhfuinneog ar an gcéad urlár, sceimhealchúrsaí, agus piléir bhalla ar na tithe ag an deireadh. Oscailtí fuinneoige le ceann cearnóige agus leaca cloiche.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar na n-ardán.
2. Cosaint a dhéanamh ar nádúr oscailte an chaidrimh idir na foirgnimh agus an cladach.
3. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

OLDBRIDGE ACA



Forbairt Stairiúil

Ag féachaint amach thar Chath na Bóinne, tá Halla Oldbridge suite ar lúb sa Bhóinn agus a bhuíochas leis sin tá radhairc mhaithe ann ar an abhainn. Tá sé suite an-chóngarach d'fhothrach oibilisce a tógadh ag Oldbridge i gcuimhne Chath na Bóinne s 1690, cath a troideadh i gcomharsanacht an tí. Mar thoradh air sin, is díol spéise stairiúil an suíomh a bhfuil tábhacht Náisiúnta ag baint leis. Tugtar stádas breise don suíomh sa mhéid go bhfuil sé i gcrios maolánach Bhrú na Bóinne.

Bhí na tailte ag Oldbridge i seilbh chlann Moore (Iarlaí agus Marquesess Dhroichead Átha ina dhiaidh sin) go dtí an 17ú haois. Bhí an teaghlach Coddington lonnaithe i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath ón 17ú haois i leith. Sa bhliain 1729 cheannaigh John Coddington Eastát Oldbridge ó 5ú hIarla Dhroichead Átha agus chónaigh an teaghlach ansin go dtí go ndearnadh roinnt ionsaithe ar an teach sna 1970dí agus bhí orthu an teach a fhágáil. Níor chónaigh daoine sa teach ó shin i leith, agus díoladh an teach agus an t-eastát leis an Stát atá anois á athchóiriú i gcomhar le suíomh Chath na Bóinne.

Foirm Thógtha

Cé go bhfuil an dreach lasmuigh cuíosach neamhuigeach, tá cáilíocht, dearadh agus siméadracht ailtireachta an tí seo follasach. Deirtear gur dhear George Darly Teach Oldbridge. Ba é Frederick Darley a rinne na hathchóiriúcháin sa bhliain 1832, a bhí gaolta leis an duine a thóg an teach. Tá leagan amach chlóis feirme agus thithe oibreith an eastáit ar ardchaighdeán agus is grúpa spéisiúil iad an teach in éineacht leis na cróite, na geataí ar an mbealach isteach, an lóiste, agus an gairdín ochtagánach.

Ciorclaíonn canáil na Bóinne agus cosán tarraingthe an t-eastát ó thuaidh agus sa taobh thiar agus tá roinnt canálacha le struchtúir ghaolmhara ann, lena n-áirítear loic agus cora éisc.

Le linn phráinn na 1940dí tógadh roinnt daingean - dúnáin agus claiseanna inneallghunna feadh na Bóinne, leis an dlúis is mó laistigh d'eastá Oldbridge.

Cuspóirí:

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar na diméine, a ghnéithe tírdhreacha agus a ghnéithe tógtha ach teorannú a dhéanamh ar fhairsinge na forbartha nua laistigh den diméin agus ag éileamh go n-urramódh aon fhorbairt socrú cáilíochtaí agus cáilíochtaí speisialta na diméine.
2. A éileamh go gcosnódh na hoibreacha uile, bídis ina n-oibreacha deisiúcháin, breisiúcháin nó mionathrúcháin ar fhoirgnimh reatha, carachtar na bhfoirgneamh agus na ngnéithe sin ach úsáid a bhaint as na hábhair agus an tsaoirseacht iomchuí.

LÁR AN BHAILE - AN SEANCHAISLEÁN, ACA



Forbairt Stairiúil

Is baile beag aonaigh é an Seanchaisleán i dtuaisceart Chontae na Mí díreach siar ó chnoc mór Loch Craobhe, a bhfuil cáil air toisc a shéadchomharthaí meigiliteacha.

D'fhorbair an baile le linn na 18ú haoise ar an margadh snáithe ba mhó sa tír. Ag an uair bhain na tailte le teaghlach Naper, agus is an teaghlach sin a rinne roinnt mhaith de na feabhsúcháin atá ar a dhreach sa lá atá inniu ann.

Leagan Amach

Lena chéile tá Cearnóg an Bhaile, Iar-Theach an Aonaigh agus an Teach Cúirte mar ionad cathrach an tSeanchaisleáin agus a bhuíochas leis sin tá cuma iata agus aitheantas físeach ar leith ag an mbaile. Sna sráideanna a shíneann ón gcearnóg tá raon foirgneamh ar stíleanna éagsúla ailtireachta. Mar thoradh air sin cuireann an Seanchaisleán é féin i láthair mar bhaile aonaigh stairiúil.

Foirm Thógtha agus Ábhair

Is sa stíl Sheoirseach dhéanach atá ailtireacht an bhaile, le tithe dhá stór agus trí stór, roinnt acu le haghaidh stucó Vichteoiriach tráchtála orthu.

Ar na saintréithe a bhaineann le foirgnimh an tSeanchaisleáin tá raon leathan d'ábhar traidisiúnta le héadain siopaí lena n-áirítear 'Creans', 'Next Door Express' agus 'Mullens' agus foirgnimh fhoirmiúla amhail iartheach cúirte, teach an aonaigh agus na Bainc.

Cuspóirí:

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an bhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus dearadh na n-ábhar a úsáidfí in aon fhorbairt bheartaithe laistigh de chroílár an bhaile thadhlaigh ag teacht lena charachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. Spreagadh a dhéanamh ar dhaoine gnéithe atá ag gobadh amach go feiceálach a bhaint amhail cáblaí lasnairde nó comharthaíocht mhíchúí.
3. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

DIMÉIN CHAISLEÁN SHLÁINE ACA



Forbairt Stairiúil

Sa 17ú haois dhéanach, tháinig tailte Shláine faoi úinéireacht theaghlach Conyngham, de bhunadh Mount Charles i nDún na nGall. Thóg Henry Conyngham, Ginearál i seirbhís William III, Halla Conyngham Hall idir 1703 agus 1709 ar bhunsraith Chaisleán theaghlach Fleming, a d'fhorghéill a n-eastáit sa bhliain 1641. Chaith William Conyngham suimeanna móra airgid ar fheabhsúcháin talmhaíochta agus i lár na 1770dí rinne coimisiúnú ar Capability Brown chun eastát a dhearadh, ar eastát é nar tógadh riamh ach a bhloc stábla. Leagadh na coillte amach le dearadh an gharraíodóra Éireannaigh John Sutherland. Cuireadh tús leis an gCaisleán i stíl na hAthbheochana Gotaí ar shuíomh Francis Burton, an dara Barún, c.1785, le dearthaí ó James Wyatt (1785/86). Rinne Francis Johnston (1795) athchóiriúcháin agus breisiúcháin níos déanaí, lena n-áirítear an geata isteach sa taobh Thoir. Ba iad an Tríú Barún agus an chéad Marquess Sláine a chuir an teach i gcrích agus ba é Francis Johnston a dhear an taobh istigh c. 1800.

Foirm Thógtha

Tá Gleann na Bóinne ag Sláine ina mheascán maith den tírdhreach nádúrtha agus deartha. Tá an caisleán ar cheann de na tithe pictiúrtha is luaithe a tógadh sa tír i stíl na nua-meánaoise. Má amharctar air ón abhainn, is radharc drámata é an teach seo le ceithre stór, le hurdhún agus le tuiríní. Tá an diméin suite feadh bhruacha na habhann agus mhair sí slán, tríd is tríd, ó luath sa 19ú hAois, lena coillearnach agus a fearann páirce aibí, le clós na stáblaí, lena cistin agus a gairdíní múrtha, a geataí isteach, a lóistí agus ballaí na diméine. Chomh maith leis sin, laistigh den diméin tá suíomh seandálaíochta Chnoc Sláine.

Cuspóirí:

1. A chinntiú go dtugtar cosaint reachtúil do na gnéithe tógtha agus an tírdhreach deartha ar féidir a mheas go bhfuil siad lasmuigh de chúirtealáiste an struchtúir chosanta ag Caisleán Shláine.
2. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar na diméine, a tírdhreach deartha agus a gnéithe tógtha, ach teorannú a dhéanamh ar fhairsinge na forbartha nua atá ceadaithe laistigh den diméin agus a éileamh nach mbeadh aon tionchar neamhfhabhrach ag a leithéid sin d'fhorbairt, laistigh den diméin agus sa cheantar máguaird araon, ar cháilíochtaí speisialta na diméine.
3. A éileamh go gcosnódh na hoibreacha uile, bídís ina n-oibreacha deisiúcháin, breisiúcháin nó mionathrúcháin ar fhoirgnimh reatha, carachtar na bhfoirgneamh agus na ngnéithe sin ach úsáid a bhaint as na hábhair agus an tsaoirseacht iomchuí.

SRÁIDBHAILE SHLÁINE ACA



Forbairt Stairiúil

Sampla den scoth d'éastát sráidbhaile pleanáilte 18ú haoise, pleanáilte ag comharbaí theaghlach Conyngham do na Tiarnaí Normannacha, tá Sláine suite ar bhruach thuaidh Abhainn na Bóinne le radhairc agus léargais ar an tírdhreach mórtimpeall. Curthaíonn sé seo uile, maille le suíomh an tsráidbhaile ag croílár Abhainn na Bóinne agus a chaidreamh le Diméin Chaisleán Shláine a shíneann go domhain isteach sa sráidbhaile, carachtar uirbeach den chéad scoth.

Leagan Amach & Foirm Thógtha

Leagadh amach pointe fócasach an tsráidbhaile, ar a dtugtar an chearnóg, le linn na 1760dí, agus tá sé ag crosbhealach dhá bhóthar náisiúnta, le ceithre teach Sheoirseacha a mheaitseáilann ar gach taobh agus iad i gcruth diamaint.

Ar na sráideanna thiar agus thuaidh, tá na radhairc iata ag crainn aibí agus ag túir eaglaise ag briseadh isteach ar an spéirlíne.

Ábhair

Ar na sráideanna ar bhealach amach an bhaile tá tithe dhá stór le haolchloch chearnógach, nó reindreáil mhín, le díonta slinne, éadain siopaí thraidisiúnta, fuinneoga fhardorais, áirsí carráiste, agus ballaí saoirseachta.

Cuspóirí:

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus an dearadh agus ábhair in aon fhorbairt bheartaithe laistigh den sráidbhaile agus sa cheantar máguaird ag teacht leis an gcarachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. Cosaint a dhéanamh ar shuíomh tírdhreacha an tsráidbhaile agus na radhairc amach.
3. Spreagadh a dhéanamh ar dhaoine gnéithe atá ag gobadh amach go feiceálach a bhaint amhail cáblaí lasnairde agus comharthaíocht mhíchúí.
4. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

MUILEANN SHLÁINE ACA



Forbairt Stairiúil

Toisc a shuímh ar an mBóinn agus ag croílár limistéir atá saibhir i bhfás arbhair, tá Sláine ina shuíomh breá le haghaidh muileann mór. Tá tábhacht thar na bearta ag baint le foirgnimh an mhuilinn mar shampla de choimpléasc tionsclaíoch saintógtha a théann siar chuig tús na réabhlóide tionsclaíochta agus a léiríonn dul chun cinn nádúrtha ó churthú loingseoireacht na Bóinne idir An Uaimh agus Droichead Átha.

Cuireadh an muileann an-mhór ach dea-chomhréirithe i stíl an tí mhóir, agus teach an mhuilleora, saghas cosúil le teach gléibe, i gcrích sa bhliain 1766. Chuir Townley Balfour maoiniú ar fáil don mhuileann agus ba é David Jebb, innealtóir don bhord loingseoireachta, a bhí i mbun é a rith.

Faoi lár na naoú haoise déag stop an muileann ag feidhmiú mar mhuileann agus baineadh úsáid as mar stóras ginearálta. Ní raibh sé tarraingteach a tuilleadh ná ní fhéadfaí brabús a bhaint as mar mhuileann arbhair agus glacadh an foirgneamh le haghaidh déantúsaíocht cadáis na 20ú haois luath. Stop teach an mhuilinn ag feidhmiú mar lóistín do na bainisteoirí agus d'fheidhmigh mar Óstán Boyneville, ag freastal ar thurasóirí a bhí ag baint taitneamh as turais feadh na canála.

Foirm Thógtha

Le chéile tá lóiste an gheata, na cainéil uisce, teach an mhuilinn, geataí agus teachíní na n-oibrithe ina ngrúpa spéisiúil agus tábhachtach de struchtúir mhuileann-bhaineacha.

Maille le Caisleán Shláine agus na fánaí faoi chrainn ag síneadh chun na habhann, tá radharc ar fáil ón mhuileann nach féidir iad a bheith neamhchosúil leis an trídheach mar a bhí san 18ú hAois.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an limistéir, ar a thírdheach nádúrtha agus deartha agus ar a ghnéithe tógtha, ach cosc a chur ar fhorbairt a mbeadh tionchar neamhfhabhrach aici ar na foirgnimh nó ar a suíomh.
2. Cosaint a dhéanamh ar shuíomh tírdhreacha agus ar na radhairc ón gcoimpléasc agus ar an gcoimpléasc.
3. A éileamh go gcosnódh na hoibreacha uile, bídís ina n-oibreacha deisiúcháin, breisiúcháin nó mionathrúcháin ar foirgnimh reatha nó ar ghnéithe tógtha laistigh den limistéar, carachtar na bhfoirgneamh agus na ngnéithe sin ach úsáid a bhaint as na hábhair agus an tsaoirseacht iomchuí.

DIMÉIN SOMMERVILLE ACA



Forbairt Stairiúil

Seo teach Seoirseach déanach as ar eascair Sráidbhaile Bhaile Ceannt. Tá a leagan amach ailtireachta reatha mar thoradh ar an teach a bhíodh ann a chasadh droim ar ais. Thóg Sior James Somerville teach Sommerville. Bhí sé ina Ard-Mhéara ar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1736 agus ina TP don chathair.

Foirm Thógtha

Ní féidir plean an tí seo a rianú siar sa lá atá inniú ann ach ag leibhéal an íoslaigh, áit a bhfuil sraith seomraí boghta le sonraí siúnéireachta a thugann le fios gur tógadh iad c. 1730. Uair dá raibh bhí cúl an tí in Somerville ceithre fhuinneog ar leithead, agus ag an tosach bhí cúig fhuinneog ann.

Tá stábla cloiche, dá stór, ó thuaidh ón teach. Sa lár tá áirse phidiméide le túr caisleánaithe ochtagánach ar a bharr. Tá péire tithe ar an dá thaobh den áirse, le fuinneoga trípháirteacha ag amharc amach ar an gclós.

Ar na mbealach isteach ar an taobh thiar, tá áirse gharbhéadain ard le piléir bhalla ar an dá thaobh, agus seomraí substainteacha cearnógacha ar an dá thaobh.

Tá tailte tírdhreachaithe ag an diméin a áiríonn limistéir de choillearnach chosanta, gairdín múrtha agus teach oighir.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar na diméine, a tírdhreach deartha agus a gnéithe tógtha, ach teorannú a dhéanamh ar fhairsinge na forbartha nua atá ceadaithe laistigh den diméin agus a éileamh nach mbeadh aon tionchar neamhfhabhrach ag a leithéid sin d'fhorbairt, laistigh den diméin agus sa cheantar máguaird araon, ar cháilíochtaí speialta na diméine.
2. A éileamh go gcosnódh na hoibreacha uile, bídís ina n-oibreacha deisiúcháin, breisiúcháin nó mionathrúcháin ar fhoirgnimh reatha, carachtar na bhfoirgneamh agus na ngnéithe sin ach úsáid a bhaint as na hábhair agus an tsaoirseacht iomchuí.

TEACH STACKALLAN ACA



Forbairt Stairiúil

Tá Teach Stackallan ar cheann den líon beag tithe a mhaireann fós sa stíl chlasaiceach Éireannach ón ochtú haois déag. (c. 1716) agus is léiriú é ar an stíl chlasaiceach agus tionchair ó thuaisceart na hEorpa. Tá naisc thábhachtacha ag an teach le Gustavus Hamilton polaiteoir Protastúnach mór le rá i ngnóthaí Éireannacha le linn an ochtú agus naoú haoise déag. Bhí Hamilton i gceannas reisimint de shaighdeoirí Rí Liam ag Cath na Bóinne (1690) agus ina dhiaidh sin fuair sé ardú céim chuig post Maorghinearail in Arm na Breataine agus throid i gcoinne Louis XIV na Fraince. Tá tailte Stackallan mar lárionad do mhainéar Stackallan áit ar thóg Sior Barnaby Barnewall caisleán agus eaglais sa chúigiú haois déag. Comhshnaidhmeadh an caisleán ina dhiaidh sin leis an teach reatha.

Foirm Thógtha agus Ábhair

Áiríonn an diméin cróite maithe spalla le sonraíocht bhríci agus díonta arda claonta le simléir arda i gcruth diamaint, gairdín múrtha, lóistí an gheata, geataí isteach agus ballaí na diméine.

Rinne na húinéirí reatha obair fhairsing ar an áit le blianta beaga anuas, chun na tailte agus na foirgnimh reatha a chaomhnú agus a shíneadh, agus is díol suntais ar leith gnéithe nua na diméine - baois chasaiceach ar na tailte agus canáil sna gairdíní.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar na diméine, a tírdhreach deartha agus a gnéithe tógtha, ach teorannú a dhéanamh ar fhairsinge na forbartha nua atá ceadaithe laistigh den diméin agus a éileamh nach mbeadh aon tionchar neamhfhabhrach ag a leithéid sin d'fhorbairt, laistigh den diméin agus sa cheantar máguaird araon, ar cháilíochtaí speisialta na diméine.
2. A éileamh go gcosnódh na hoibreacha uile, bídís ina n-oibreacha deisiúcháin, breisiúcháin nó mionathrúcháin ar fhoirgnimh reatha, carachtar na bhfoirgneamh agus na ngnéithe sin ach úsáid a bhaint as na hábhair agus an tsaoirseacht iomchuí.

SRÁIDBHAILE CHNOC AN LÍNSIGH ACA



Forbairt Stairiúil

Tá sráidbhaile Chnoc an Linsigh bunaithe ar leagan amach clasaiceach, bainteach le forbairt Theach agus Diméin Chnoc an Linsigh a bhíodh ann ar thaobh ó dheas an tsráidbhaile. Thóg Hercules Langford Rowley é sna 1730dí, agus dódh an teach dhá uair sa 19ú hAois agus sa 20ú hAois agus ar deireadh thiar leagadh é sa bhliain 1970. Tá an bealach isteach agus an ascaill le himeall crann mar mheabhrúcháin go raibh diméin ann agus is pointe fócasach iad laistigh de shráidbhaile Chnoc an Linsigh.

Leagan Amach

Is sráidbhaile le sráid fhada leathan atá ann, le crainn feadh an láir. Ar imeall fhaiche an tsráidbhaile, a leagadh amach c.1830, itá ballaí brabhlacha aoilchloiche sa lár agus mullaird le slabhraí iarainn ó dheas agus ó thuaidh. Tá caidéal iarainn oibrithe ar an taobh thiar thuaidh, agus cros ón Athbheochan Cheilteach ar an taobh ó thuaidh.

Foirm Thógtha

Tá tithe cathracha ag iamh na faiche a bhfuil stíleanna éagsúla ailtireachta acu agus maille le hailíniú phríomhais an tsráidbhaile le Diméin Chnoc an Linsigh, tá sráidbhaile ann a bhfuil carachtar ar chaighdeán an-ard aige. Cuireann na crainn dhuillsilteacha go mór le carachtar speisialta an tsráidbhaile.

Is ón 18ú hAois dhéanach agus ón 19ú hAois a thagann na tithe Seoirseacha trí stór agus na teachíní aonstóir agus cuireann siad go mór le carachtar an tsráidbhaile. D'fhormhór tá na foirgnimh plastráilte agus péinteáilte, le díonta slinne.

Cuspóirí

1. Caomhnú a dhéanamh ar charachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh ach a éileamh go mbeadh airde, scála agus an dearadh in aon fhorbairt bheartaithe laistigh den shráidbhaile agus a spás oscailte ag teacht leis an gcarachtar agus nach dtógfadh sé ó shainiúlacht na háite.
2. Spreagadh a dhéanamh ar dhaoine gnéithe atá ag gobadh amach go feiceálach a bhaint amhail cáblaí lasnairde agus comharthaíocht mhíchúí.
3. A éileamh go ndéanfaí athshuiteáil ar shonraí agus ar ábhair thraidisiúnta ar na foirgnimh atá ann agus ar an tsráid-dreach nó ar oibreacha cothabhála atá idir lámha.

A3

Limistéir Chaomhnúcháin Ailtireachta Plean Forbartha Contae na Mí 2007-2013